Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9300/19**

**SUSTDEV 88**
**RELEX 504**
**ENV 484**
**ONU 56**
**ACP 61**
**FIN 357**
**DEVGEN 106**
**AGRI 258**
**CLIMA 141**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8908/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action" [Gaineamhlú san Aontas Eorpach a chomhrac: bagairt mhéadaitheach a bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise ina leith]<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action* [Gaineamhlú san Aontas Eorpach a chomhrac: bagairt mhéadaitheach a bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise ina leith], mar a ghlac an Chomhairle í ag an 3690ú cruinniú a bhí aici, ar an 16 Bealtaine 2019.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action* [Gaineamhlú san Aontas Eorpach a chomhrac: bagairt mhéadaitheach a bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise ina leith]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 dar teideal *Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action* [Gaineamhlú san Aontas Eorpach a chomhrac: bagairt mhéadaitheach a bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise ina leith] ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

2. FORMHUINEANN SÍ conclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt mhéadaitheach ón ngaineamhlú, ón díghrádú talún agus ón triomach san Aontas;

4. AITHINÍONN SÍ

(i) an ról ríthábhachtach bainistiú inbhuaine acmhainní talamh-bhunaithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbagairt mhéadaitheach ón ngaineamhlú, ón díghrádú talún agus ón triomach;

(ii) an gá méadaitheach le comhleanúnachas agus sineirgí laistigh de chreat dlíthiúil an Aontais, go háirithe idir an Comhbheartas Talmhaíochta, an Straitéis Théamach do Chosaint Ithreach, Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh;

(iii) an gá le dlús a chur le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát agus páirt ghníomhach a ghlacadh le cosaint ithreach a chaomhnú;

(iv) an gá le cáilíocht ithreacha a mhéadú agus deireadh a chur leis an bpróiseas díghrádaithe talún agus ithreach, i gcomhréir leis na gealltanais sa Chlár Oibre 2020 don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe Sprioc 15.3 a bhaineann le neodracht i dtaobh díghrádú talún a bhaint amach go deonach[1];

[1] Arna ghlacadh mar bhunchoincheap de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD), creat straitéiseach 2018-2030.

5. FEASACH AR AN MÉID A LEANAS

(i) torthaí na dtuarascálacha déanacha idirnáisiúnta ar threochtaí san athrú aeráide, amhail an tuarascáil mheasúnaithe dheireanach ó IPCC[2] ina léirítear ráta méadaitheach sonraí tuire, go háirithe sna stáit i ndeisceart agus oirdheisceart na hEorpa agus cainníocht agus cáilíocht na ró-aimsire (lena n-áirítear ró-aimsir a bhaineann le triomach);

(ii) torthaí Mheasúnú Díghrádaithe agus Athbhunaithe IPBES[3];

(iii) na réamh-mheastacháin is déanaí ar an athrú aeráide, bunaithe ar staidéir idirnáisiúnta, ina léirítear méadú ar thriomach agus athruithe i bpatrúin báistí, a chuireann tús leis an bpróiseas gaineamhlaithe;

(iv) staidéir idirnáisiúnta ina léirítear go raibh gaineamhlú 10%[4] ann le deich mbliana anuas i ndeisceart agus oirdheisceart na hEorpa[5] agus go bhfuil an fairsingiú ag bogadh ó thuaidh i gcónaí[6];

6. AITHINÍONN SÍ

(i) gur gné ríthábhachtach é cóineasú méadaitheach na staidéar idirnáisiúnta agus anailísí ar ithir fholláin chun éifeachtaí an ghaineamhlaithe a mhaolú, ós rud é gurb í an ithir an linn charbóin is mó agus gurb í bun talaimh gach éiceachóras agus gach páirce bairr agus go bhfuil acmhainneacht shuntasach aici uisce a choinneáil, chomh maith lena ról chun athléimneacht shochaíoch ar athruithe comhshaoil a fheabhsú;

(ii) na rioscaí a bhaineann le gaineamhlú maidir le cáilíocht saoil agus ioncam an phobail tuaithe;

(iii) agus tábhacht an charbóin orgánaigh ithreach i ndáil le maolú agus le hoiriúnú don athrú aeráide chomh maith leis na héifeachtaí ionchasacha diúltacha mar thoradh ar an ngaineamhlú a dhéanfaidh stoic charbóin orgánaigh ithreach a laghdú;

---

2 Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, Téamh Domhanda 1.5 ºC, https://www.ipcc.ch/sr15/

3 An Clár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais.

4 Meastar sonraí ar bhonn na faisnéise a áirítear sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 33/2018, mír 5, lch. 11; Staidéar EEA maidir leis an ngaineamhlú i ndeisceart, lár agus oirthear na hEorpa, 2008; Prăvălie, R., Patriche, C., Bandoca, G., *Quantification of land degradation sensitivity areas in Southern and Central Southeastern Europe. New results based on improving DISMED methodology with new climate data*, *Catena – An Interdisciplinary Journal of Soil Science – Hydrology – Geomorphology focusing on Geoecology and Landscape Evolution*, Uimh. 158, 2017; lgh. 309-320.

5 Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mír 72, lch. 43

6 Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mír 8, lch. 13

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dá réir sin fiosrú breise a dhéanamh ar an gcomhghaol/nasc atá ann idir gaineamhlú, díghrádú talaimh agus éifeachtaí feiniméan an triomaigh, agus maolú agus oiriúnú don athrú aeráide, chomh maith le bearta bithéagsúlachta, mar a léirítear i dtorthaí na tuarascála iniúchóireachta;

8. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le sineirgí a neartú idir UNCCD[7], UNFCCC[8] agus CBD[9] chun aghaidh a thabhairt ar dhíghrádú talaimh agus ithreach;

9. SPREAGANN SÍ an Coimisiún na nithe seo a leanas a mheas, i gcomhar leis na Ballstáit

(i) an gá le tacaíocht a thabhairt maidir le measúnú iomlán ar fheiniméin an ghaineamhlaithe agus an díghrádaithe talaimh ar leibhéal an Aontais;

(ii) na roghanna atá ar fáil agus stádas na ngealltanas ar leibhéal an Aontais maidir leis an sprioc neodrachta i dtaobh díghrádú talaimh, lena n-áirítear a riachtanaí atá sé glacadh creata comhroinnte modheolaíoch a chothú, bunaithe ar shainmhínithe comhchuibhithe agus iontaofa chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais SDG[10] a bhaineann le gaineamhlú agus díghrádú talaimh;

(iii) an gá chun modhanna agus táscairí a fhorbairt i gcomhréir leis na staidéir agus na teicneolaíochtaí is nuálaí, lena n-áirítear teicnící domhanbhreathnóireachta agus sonraí satailíte, d'fhonn feabhas a chur ar dhul chun cinn a thomhas chun SDGanna a bhaint amach le haiseolas éifeachtúil, nithiúil ó gach tionscadal a cistíodh;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá córais faireacháin, a gcastacht (modhanna in situ braiteacha agus cianbhraiteacha, go háirithe na sonraí satailíte), a gcomhchuibhiú, ar an leibhéal réigiúnach ar an gcéad dul síos chun na SDGanna a bhaint amach, lena n-áirítear neodracht i dtaobh díghrádú talaimh;

---

[7] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac.

[8] Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

[9] Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

[10] Go háirithe, beidh na Ballstáit go hiomlán rannpháirteach sa tionscadal a sheol an Coimisiún maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaineann le hithir agus talamh san Aontas.

11. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún as measúnú iomlán a dhéanamh ar ghaineamhlú agus díghrádú talaimh san Aontas i gcomhar le Ballstáit a chuireann leis an Atlas Domhanda ar an nGaineamhlú[11] agus torthaí na dtionscadal taighde de chuid an Aontais, an fhaisnéis atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear ó na sonraí domhanbhreathnóireachta, á cur san áireamh;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an measúnú iomlán sin a dhéanamh chun cur leis na sonraí atá ann cheana a mhéid is féidir, an mhodheolaíocht a forbraíodh le tuairisciú UNCCD á cur san áireamh;

13. MOLANN SÍ go ndéanfaí torthaí an staidéir thiomnaithe a chomhroinnt ar an mbealach is idirghníomhaí agus is soláimhsithe agus chun feidhm a bhaint as obair an tSainghrúpa um Chosaint Ithreach le plé maidir le forbairt modheolaíochta agus socrú spriocanna féideartha i gcomhair neodracht ó thaobh díghrádú talún;

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá obair an tSainghrúpa um Chosaint Ithreach agus na tionchair chothrománacha (e.g. athrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta, imirce etc.) maidir leis an ngaineamhlú, an díghrádú talaimh agus triomach;

15. AITHNÍONN SÍ an gá le bunlíne chun stádas an ghaineamhlaithe san Aontas a shainiú, éifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil á gcur san áireamh;

16. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le tuiscint chomhtháite i dtaca leis na rioscaí a bhaineann le feiniméin an díghrádaithe talaimh, an ghaineamhlaithe agus an triomaigh agus a dtionchair shóisialta agus eacnamaíocha d'fhonn beartas níos comhleanúnaí a fhorbairt go héifeachtúil san Aontas chun tacú le lucht ceaptha beartais ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát;

17. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar scéim cistiúcháin a cheapfar chun cabhrú le Ballstáit UNCCD a chur chun feidhme le béim ar leith á leagan ar an bpróiseas socraithe spriocanna LDN agus bearta gaolmhara chun na spriocanna sin a bhaint amach;

---

[11] Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, https://wad.jrc.ec.europa.eu/aridityprojections

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) tuilleadh machnaimh ar scéim cistiúcháin chun talamh díghrádaithe a mhapáil trí fhardail thiomnaithe ithreach, bunaithe ar an gcur chuige comhbheartais;

(ii) páirt ghníomhach a ghlacadh d'fhonn cáilíocht ithreacha a mhéadú agus deireadh a chur le próiseas díghrádaithe na hithreach;

(iii) socruithe a dhéanamh d'fhonn incháilitheacht tionscadal gaineamhlaithe, díghrádaithe talaimh agus triomaigh a thabhairt isteach sna sásraí cistiúcháin atá ann cheana san Aontas;

(iv) staidéar a dhéanamh ar bhealaí nua chun cur chun feidhme gníomhartha díreacha i gcoinne an ghaineamhlaithe a mhaoiniú.